V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10539 — SOUTH32 / KGHM / SIERRA GORDA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 21/05)

1. An 6 Eanáir 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— South32 Limited ("South32", an Astráil);

— KGHM Polska Miedz S.A. ("KGHM", an Pholainn);

— Sierra Gorda SCM ("Sierra Gorda", an tSile).

Faigheann South32 agus KGHM rialú comhpháirteach ar Sierra Gorda, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc. Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás South32: táirgeadh báicsíte, alúmana, alúmanaim, guail cóic, mangainéise, nicile, airgid, luaidhe agus since ó láithreáin atá lonnaithe san Astráil, i nDeisceart na hAfraice agus i Meiriceá Theas;

— i gcás KGHM: táirgeadh tráchtearraí luachmhara, go príomha miotail, lena n-áirítear copar, airgead, ór, molaibdéineam, nicil, réiniam agus luaidhe ó roinnt láithreán ar fud an domhain;

— i gcás Sierra Gorda: táirgeadh tiúcháin copair agus tiúcháin molaibdéinim (ar féidir tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu chun ocsaíd molaibdéinim a dhéanamh díobh) as a mianach atá lonnaithe sa tSile. Tá cainníochtaí teoranta airgid agus óir i dtiúchan copair Sierra Gorda freisin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10539 – SOUTH32 / KGHM / SIERRA GORDA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË